C/2025/939

6.2.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11841 – TIKEHAU CAPITAL / ARMIRA GROUP / FTAPI)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/939)

1. An 28 Eanáir 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Brienne IV SLP ('Brienne IV', an Fhrainc), faoi rialú deiridh Tikehau Capital SCA ('Tikehau Capital', an Fhrainc) faoi láthair,

— Armira Growth Fund I GmbH & Co. geschlossene Investment KG ('Armira Growth Fund I', an Ghearmáin), faoi rialú deiridh Armira GmbH & Co. KG ('Armira Group', an Ghearmáin) faoi láthair,

— FTAPI Software GmbH ('FTAPI', an Ghearmáin).

Gheobhaidh Tikehau Capital agus Armira Group rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar FTAPI ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tikehau Capital: cuideachta dhomhanda bainistíochta sócmhainní agus infheistíochta. Ceithre líne ghnó go príomha atá i ngníomhaíocht bainistíochta sócmhainní Tikehau Capital: fiachas príobháideach, sócmhainní réadacha (réadmhaoin den chuid is mó), straitéisí margaí caipitil (bainistiú bannaí/bainistíocht éagsúlaithe agus cothromas) agus cothromas príobháideach, a bhfuil láithreacht acu ar fud na hEorpa, na hÁise agus Mheiriceá Thuaidh,

— Armira Group: Mar ghnólacht cothromais phríobháidigh agus caipitil fiontair, tá Armira speisialaithe i gcaipiteal fiontraíochta a chur ar fáil do chomhpháirtíochtaí fadtéarmacha, díríonn sé ar ghnólachtaí faoi úinéireacht teaghlaigh agus ar chuideachtaí teicneolaíochta, agus tá sé gníomhach go príomha sa Ghearmáin, san Ostair agus san Eilvéis, agus ar mhargaí Eorpacha níos leithne.

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó an ghnóthais FTAPI: soláthraí bogearraí atá speisialaithe i réitigh shlána malartaithe sonraí agus aistrithe comhad. Forbraíonn an chuideachta bogearraí chun tarchur criptithe, stóráil agus bainistiú sonraí íogaire a éascú, rud a chinntíonn gur féidir le gnóthais oibriú go sábháilte agus i gcomhréir le caighdeáin rialála.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11841 – TIKEHAU CAPITAL / ARMIRA GROUP / FTAPI

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË